**1.** Cén bhliain ar rugudh tú? — What year were you born?
Rugadh mé i ... — I was born in …
naoi déag ochtó a cúig — nineteen eighty five
naoi déag seasca a naoi — nineteen sixty nine
dhá mhíle is a ceathair — two thousand and four

**2.** Cén bhliain a fuair Dónall Ó Conaill bás? — What year did Daniel O'Connell die?
*Fuair sé bás in ocht déag daichead a seacht.* — *He died in eighteen forty seven.*

**3.**

| | |
|---|---|
| 11 – aon déag | 20 – fiche |
| 12 – dó dhéag | 21 – fiche a haon |
| 13 – trí déag | 30 – tríocha |
| 14 – ceathair déag | 40 – daichead |
| 15 – cúig déag | 50 – caoga |
| 16 – sé déag | 60 – seasca |
| 17 – seacht déag | 70 – seachtó |
| 18 – ocht déag | 80 – ochtó |
| 19 – naoi déag | 90 – nócha |

| | |
|---|---|
| 1607 – sé déag is a seacht | Flight of the Earls |
| 1798 – seacht déag nócha a hocht | Rebellion of 1798 (United Irishmen) |
| 1848 – ocht déag daichead a hocht | Young Ireland Rebellion |
| 1916 – naoi déag sé déag | Easter Rising |
| 1922 – naoi déag fiche a dó | Irish Free State |
| 1948 – naoi déag daichead a hocht | Republic of Ireland |
| 1998 – naoi déag nócha a hocht | Good Friday Agreement |
| 2023 – dhá mhíle fiche a trí | This Year |

**4.** Cén bhliain ar rugadh ... ? — What year was … born?
d'athair / do mháthair — your father / your mother
do mhac / d'iníon — your son / your daughter
do dhearthair / do dheirfiúir — your brother / your sister
do chat / do mhadra — your cat / your dog
Rugadh é sa bhliain ... — He was born in …
Rugadh í sa bhliain ... — She was born in …

Cén bhliain a cheannaigh tú do charr? — What year did you buy your car?
Cén bhliain a thosaigh tú ar scoil? — What year did you start school?
Cén bhliain a chríochnaigh tú an scoil? — What year did you finish school?
Cén bhliain a phós tú? — What year did you marry?

| | **Mo Chlann Fhiáin 1 (cuid a haon)** | **My Wild Family 1 (part one)** |
|---|---|---|
| **1.** | Fáilte! Seo iad na heachtraí a bhíonn ag Mo Chlann Fhiáin. | Welcome! These are the adventures that My Wild Family has. |
| **2.** | Is síota óg mé. | I'm a young cheetah. |
| **3.** | Tá mé trí mhí d'aois. | I'm three months old. |
| **4.** | Tá go leor deartháireacha agus deirfiúracha agam. | I have a lot of brothers and sisters. |
| **5.** | Cónaíonn muid lenár maime. | We live with our mom. |
| **6.** | Tugann sí aire dhúinn léi féin. | She takes care of us by herself. |
| **7.** | Ach ní bhíonn ár ndaide rófhada uainn ariamh. | But our dad is never far from us. |
| **8.** | Breathnaíonn sé chomh hálainn is atá maime. | He looks as pretty as mom. |
| **9.** | Tá sí an-tanaí agus aclaí. | She is very thin and athletic. |
| **10.** | 'Siad síotaí na hainmhithe is sciobtha ar thalamh. | Cheetahs are the fastest animals on land. |
| **11.** | Tá siad in ann rith ag céad ciliméadar san uair. | They can run one hundred kilometers an hour. |
| **12.** | Ritheann síotaí le breith ar bhia. | Cheetahs run to catch food. |
| **13.** | Mar sin, tá sé tábhachtach go mbeadh neart spáis againn le fiach. | So, it is important for us to have lots of space to hunt. |
| **14.** | Sin an fáth go bhfuil cónaí orainn ar sabhána na hAfraice. | This is why on the African savannah. |
| **15.** | Ní mórán crainn atá ann agus tá neart spáis le rith. | There aren't many trees there and there is lots of space to run. |
| **16.** | Sula dtéann maime ag fiach, faigheann sí áit iontach dúinn le dul i bhfolach le nach n-aimseodh aon ainmhí eile muid. | Before mom goes hunting, she finds a wonderful place for us to hide so that no other animal can find us. |
| **17.** | Bíonn orainn fanacht an-socair. | We have to stay very still. |
| **18.** | Cabhraíonn ár spotaí linn fanacht i bhfolach san fhéar agus sceacha. | Our spots help us to remain hidden in the grass and thorn bushes. |

| | **Ceisteanna** | **Questions** |
|---|---|---|
| **1.** | Cén saghas ainmhí atá ag caint? | What kind of animal is talking? |
| **2.** | Cén aois é? | How old is it? |
| **3.** | An bhfuil sé mall nó tapadh? | Is it slow or fast? |
| **4.** | Cad a dhéanann maime sula dtéann sí ag fiach? | What does mom do before she goes hunting? |
| **5.** | An bhfaca tú an t-ainmhí seo riamh? | Did you ever see this animal? |

| | Amelia Earhart – le David Lowe | Amelia Earhart – by David Lowe |
|---|---|---|
| **1.** | Rugadh Amelia Earhart in Kansas, S.A.M., in 1897 (ocht déag nócha a seacht). | Amelia Earhart was born in Kansas, USA, in 1897. |
| **2.** | Ón chéad lá, bhí sí neamhspleách. | From the first day, she was independent. |
| **3.** | Bhí sí lúfar agus go hiomlán gan eagla agus bhain sí sult as an spórt dúshlánach. | She was athletic and completely without fear and she enjoyed challenging sports. |
| **4.** | D'oibrigh athair Amelia don iarnród. | Amelia's father worked for the railroad. |
| **5.** | Níor fhan an teaghlach in aon áit amháin rófhada nó bhog a hathair go minic go dtí post nua i mbaile nua. | The family did not stay in any one place too long, because her father often moved to a new job in a new town. |
| **6.** | Blianta ina dhiaidh sin dúirt Amelia nach raibh sí ábalta fanacht in aon áit amháin de thairbhe gur bhog sí thart an oiread sin nuair a bhí sí ina páiste. | Years after that, Amelia said that she wasn't able to stay in any one place because she moved around so much when she was a child. |
| **7.** | Le linn Gheimhreadh 1917-1918 (naoi déag seacht déag go naoi déag ocht déag), thug Amelia cuairt ar a deirfiúr in Toronto, Canada. | During the winter of 1917-1918, Amelia visited her sister in Toronto, Canada. |
| **8.** | Bhí an Chéad Chogadh Domhanda ar siúl san Eoraip, agus chonaic Amelia go leor saighdiúirí gortaithe. | World War One was going on in Europe and Amelia saw a lot of wounded soldiers. |
| **9.** | Chuir sé seo isteach go mór uirthi agus rinne sí cúrsa gairid sa leigheas. | This affected her greatly and she did a short course in medicine. |
| **10.** | D'oibrigh sí mar chúntóir in otharlann in Toronto. | She worked as an assistant in a hospital in Toronto. |
| **11.** | Agus í in Toronto thug Amelia cuairt ar aerpháirc. | While she was in Toronto, Amelia visited an airfield. |
| **12.** | An geimhreadh a bhí ann agus bhí sneachta ar an talamh. | It was winter and there was snow on the ground. |
| **13.** | Sheas Amelia ag amharc ar an sioc ag titim de na heitleáin. | Amelia stood looking at the frost falling from the airplanes. |
| **14.** | Shamhlaigh sí í féin ag eitilt san aer. | She imagined herself flying in the air. |
| **15.** | Ón bhomaite sin amach, shocraigh sí go mbeadh sí ag eitilt in eitleán. | From that moment on, she decided that she would be flying in an airplane. |